

Forbairt Bóthair N22 Baile Bhuirne – Maigh Chromtha

Nuachtlitir Uimh.1 Feabhra 2020



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040



An Roinn Iompair
Turasoireachta agus Spóirt
Department of Transport,
Tourism and Sport



Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland




CORK COUNTY COUNCIL
1899



M
M
MOTT
MACDONALD



BARRY
TRANSPORTATION



Leagan amach an bhóthair nua

Fáilte go dtí an chéad nuachtlitir de chuid Forbairt Bóthair N22 Baile Bhuirne - Maigh Chromtha.

Fáilte go dtí an chéad nuachtlitir de chuid Forbairt Bóthair N22 Baile Bhuirne - Maigh Chromtha. Síníodh an conradh idir Comhairle Contae Chorcaí agus Jons Civil Engineering - John Cradock Joint Venture Limited ar an 29ú Samhain 2019.

San áireamh sa tionscadal tá tógáil 22km de dhébhealach a thógfáir, don gcuid is mó, gan cur isteach ar an N22 atá ann cheana. Beidh idirbhealach idir an fhorbairt bóthair nua agus an N22 atá ann cheana ag an terminus thoir agus an terminus thiar chomh maith le dhá trasrian den mbóthar atá ann cheana. Tógfáir an bóthar trí thír-raon dúshlánach a ghabhann trí chnoic agus trí thalamh iargúlta carraigeach ar an dtaobh thiar soir go dtí an talamh íseal féarach ar an dtaobh thoir de Mhaigh Chromtha a thrasnóidh stráice talamhiata de thaiscumar Inis Cara atá soir ó dheas ó Mhaigh Chromtha. Mar chuid den dtionscadal tógfáir 130 struchtúr, lena n-áirítear áiteanna trasnaithe Abha an tSuláin, Abha na Láine, Abha na Fothraise agus Abha na Biochaille. Beidh acomhail an tionscadail ar an Sliabh Riabhach ag an ndeireadh thiar, ar an dtúnlán atá lastoir de Bhaile Mhic Íre, sa Ghoirtín Rua, Bóthar Shráid an Mhuilinn agus i gCúil Chomhair taobh thoir de Mhaigh Chromtha.

Conradh den gcineál 'dearadh agus tógáil' is ea an conradh seo agus is iad JB Barry and Partners Ltd. Innealtóirí Comhairliúcháin atá i mbun forbartha ar an ndearadh faoi láthair thar ceann an Chonraitheora Comhfhiontair. Tá sé i gceist ag an gclár reatha go mbeidh an tionscadal curtha i gcrích faoi lár na bliana 2023. Ar chúiseanna tógála tá an tionscadal roinnte i 3 chuid:

Cuid 1 Seachbhóthar timpeall ar Bhaile Bhuirne agus Baile Mhic Íre; Sliabh Riabhach go Cúil na Cathrach

Cuid 2 An chuid ina lár ó Chúil na Cathrach go Carraig an Phúca agus

Cuid 3 Seachbhóthar timpeall ar Mhaigh Chromtha; Carraig an Phúca go Cúil Chomhair.

Dul chun cinn go dtí seo:

Cuireadh tús le hoibreacha ar an láithreán i Cuid 3 de na hoibreacha i mí Eanáir mar seo a leanas:

- Tá oifigí an tionscadail á dtógáil faoi láthair ar Bóthar Shráid an Mhuilinn, Maigh Chromtha agus tá oifigí sealadacha láithreáin ar oscailt don bpobal ar mhaithe le heolas ar an dtionscadal a thabhairt don bpobal.
- Tá Suirbhéireacht Éiceolaíochta Réamh-Thógála den suíomh ar fad déanta ar ár n-Éiceolaí. Tá beartais mhaolaitheacha curtha i dtreo do bhroic, sciatháin leathair, an drúchtín ballach agus diúilicíní péarla fionnuisce gan ach cuid acu a lua.



Síniú an conradh



Oifigí Tionscadail á dtógáil, Bóthar Shráid an Mhuilinn

Conas
teagmháil a
dhéanamh linn:

Teilafón

087-4581555
á fhreagairt, nó is
féidir
teachtaireacht a
fhágáil

R-phost

info@n22bbm.ie

Suíomh

beidh ár suíomh ag
feidhmiú sna
seachtainí

Seoladh

Oifigí Láithreáin
N22 BBM,
Bóthar Shráid an
Mhuilinn,
Maigh Chromtha,
P12 PN24



Beartais smachtaithe siolta ar Abha na Láine

Stiállbhrtacha do shreanganna lastuas i bhfearas ar an lomaire

- Tá tús curtha le hoibreacha ar bheartais chosanta a chur inairde chun cábla lastuas a chosaint idir Abha an tSuláin agus Bóthar Shráid an Mhuilinn chomh maith le beartais chosanta don siolta idir Abha an tSuláin agus Abha na Láine.
- Tá tús curtha le suirbhéireachtaí sealúchais réamhchoinníolla ar shealúchais atá suite gar don scéim - déantar iniúchadh inmheánach agus seachtrach agus tógtar grianghrafanna chun an bhail ina bhfuil sealúchas a dhearbhu. Tá ár nOifigeach Caidrimh Phoiblí, Peter O'Donoghue ag gloch go húinéirí sealúchas i láthair na huairé chun na suirbhéireachtaí seo a eagrú.

Seo a leanas ár gclár oibreacha pleanáilte do na 3 míonna romhainn:

- **Oifigí Oifigí Tionscadail** - tá súil againn ár bpríomhoifigí a chríochnú faoi dheireadh Aibreáin 2020.
- **Oibreacha Rialúcháin Siolta** - leanfaidh na hoibreacha seo ar aghaidh ó Abha na Láine ag oibriú siar chun sruthchúrsaí a chosaint sula dtosnóidh na príomh-oibreacha.
- **Oibreacha glanta láithreáin** - i lár mhí Feabhra cuireadh tús leis na hoibreacha seo lena n-áirítear leagadh crann, meilt stumpaí agus mótu fásra agus leanfar leis seo go ceann 10 seachtaine.
- **Oibreacha Iniúchta Láithreán Breise** - tá siad seo sceidealaithe le tosnú i lár mí Feabhra agus bainfear úsáid as na torthaí chun cabhrú leis na struchtúir agus oibreacha bóthair éagsúla.
- **Socrú Láithreán Satailíteacha Éagsúla** - leanfaimid do bheith ag socrú oifigí láithreán satailíteacha sna seachtainí romhainn.
- **Fóntais ar Mhalairt Slí** - cuirfear tú i mí Feabhra le réamh-ductáil d'fhóntais éagsúla, lena n-áirítear BSL & EIR, ó Abha an tSuláin siar i dtreo Abha na Láine.
- **Oibreacha Draenála Réamh-Oibreacha Créafóige** - cuirfear tús leo seo i gcomharsanacht Chúil Liatháin-Láine-An tiomaire-Sulán, i mí Márta.
- **Oibreacha Créafóige & Bóthair** - tá sé beartaithe go gcuirfear tús ar an obair thógála ar an ailíniú nua ar Bhóthar Chúil Liatháin, siar ó Mhuileann na Béillice nuair a bheidh dúnadh bóthair 3-seachtain i bhfeidhm ag tosnú ar an 18 Márta.
- **Tógáil Droichead** - tá sé sceidealaithe tús a chur le fo-dhroichead i gCúil Liatháin go luath mí Aibreáin agus leanfar le Droichead Abha na Láine agus Droichead an Lomaire.

Seo a leanas mar atá pleanáil déanta againn maidir le bainistiú tráchta sa 3 mhí romhainn:

- Dúnadh lána singil ar seachbhóithre éagsúla do na hoibreacha leagan crann - déanfar iad seo a riaradh le córais stop/gluais, ionas go mbeidh an tionchar is lú acu ar an mbuaicthráth tráchta/úsáideoirí bóthair agus ní bheidh siad i bhfeidhm ach i rith uaireanta oibre an lae.
- Dúnadh lána singil ag Droichead an Lomaire chun ductáil de chuid BSL a shuiteáil i rit uaireanta oibre an lae.
- Tá iarratas déanta go mbeadh dúnadh bóthair i bhfeidhm ar an L7424 Bóthar Chúil Liatháin. Tá an dúnadh sceidealaithe ar feadh 3 seachtain ón 18 Márta go dtí an 10 Aibreáin.

Cuirfear gach socrú bainistíocht tráchta san áireamh ar an gcóras Mapalserter atá ar fáil ar <https://www.mapalserter.com>

Más mian leat a bheith curtha leis an liosta cúrsaíochta dár nuachtlitir trí ríomhphost, déan teagmháil linn ag info@n22bbm.ie

Is mian leis an bhfoireann ar fad atá páirteach a mbuíochas a chur in úil do mhuintir Mhaigh Chromtha, Bhaile Bhuirne agus na háiteanna máguaird as a gcuid comhoibrithe agus aithnímid go bhféadfadh na hoibreacha deacrachtaí a chruthú do dhaoine. Táimid buíoch as bhur gcuid foighne agus gabhaimid ár leithscéal as aon mhí-chaoithiúlacht. Tabhaie faoi deara le do thoil, go bhféadfadh athrú teacht ar sceidealú na n-oibreacha de réir mar a théann an obair ar aghaidh - coimeádfar an pobal ar an eolas maidir le haon athruithe.